30 Meán Fómhair 2022

**Bliain 3 - Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB)**

A chara,

Beatha agus sláinte chugat.

Mar is eol duit, tá do leanbh i mBliain 3 i mbliana. Nuair a bheidh na trí bliana don tSraith Shóisearach críochnaithe aige/aici bronnfar teastas darbh ainm Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) air/uirthi. Ar an bPróifíl beidh idir thorthaí scrúduithe stáit, cur síos ar réimsí eile foghlama agus tuairiscí ar na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB).

Ní gnáthscrúdú atá i gceist leis na MRBanna. Is tionscnamh ar leith iad a dhéantar mar chuid do ghnáthobair ranga agus go ndéantar measúnú air. Déanann na scoláirí na MRBanna le hionchur agus treoir ó na múinteoirí. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh grúpa scoláirí a bheith ag obair le chéile mar fhoireann.

Tá **ceithre shórt** tionscnamh i gceist:

- **Punann oibre** - I rith na bliana ar fad coimeádfaidh an scoláire cnuasach dá c(h)uid saothair. Roghnóidh an scoláire cúpla píosa oibre le tabhairt don múinteoir le haghaidh measúnuithe agus cuirtear an obair seo i gcrích thar cúpla seachtain. (sampla - Béarla)
- **Cur i láthair** - Thar tréimhse trí seachtaine ullmhóidh an scoláire píosa cainte. Sa tseachtain dheireanach déanfaidh an scoláire cur i láthair os comhair an ranga. (sampla - Fraincis)
- **Tuairisc / Aschur scríofa** - Thar cúpla seachtain beidh an scoláire ag obair ar phíosa saothair agus ansin beidh orthu tuairisc nó píosa scríbhinn a chur le chéile. (sampla - Stair)
- **Déantúsán** - Thar cúpla seachtain déanfaidh an scoláire rud nó déantúsán. (sampla - Eac. Bhaile)

Iniata leis seo tá **liosta** do na MRBanna a bheidh ar siúl ag do leanbh. Tá féilire na bliana briste suas i **naoi dtréimhse**, a mhaireann **trí seachtaine** an ceann. Tógfaidh formhór na MRBanna tréimhse amháin le déanamh, ach i gcásanna áirithe beidh cúpla tréimhse ag teastáil. I gcás ábhair cosúil le Béarla, bíonn na scoláirí ag cur leis an bpunann le linn na bliana ar fad.

De ghnáth, bheadh dhá MRB le déanamh i ngach ábhar. Toisc an cur isteach ar scolaíocht a tharla le trí bliana anuas tá an Roinn Oideachais tar éis laghdú a dhéanamh ar líon na MRBanna atá ag teastáil. Deineadh MRB i mBliain 2 i gcuid de na hábhair, agus dá bhrí sin beidh cúpla ábhar i gceist nach mbeidh MRB le déanamh iontu.

*As you know, your child is in 3rd year this year. When they complete the three years of Junior Cycle they will be awarded with a certificate called the Junior Cycle Profile of Achievement (JCPA). The Profile will record their results in the State Examinations, an account of other areas of learning and descriptors of their Classroom-Based Assessments (CBAs).*

*The CBAs do not take the form of examinations. They are a project that is part of normal classwork, which is used for assessment. Students will complete the CBAs with input and guidance from their teachers. In some cases, a group of students may be working together as a team.*

*There are **four types** of project:*

- ***Portfolio of work** - Over the course of the school year the student keeps a collection of their work. The student chooses a few pieces to submit to the teacher for assessment and finalises this collection over the course of a few weeks. (example - Béarla)*
- ***Oral Presentation** - Over the course of three weeks the student prepares a spoken presentation or performance. In the last week the student will make their presentation in front of their class (example - French)*
- ***Report / Written output** - For a few weeks the student works on a project. The output of this work is in the form of a report or piece of written work. (example - History)*
- ***Artefact** - Over the course of a few weeks the student works on making an artefact. (example - Home Ec.)*

*Enclosed is a **list** of the CBAs that your child will be working on. The calender is divided into **nine periods**, each of which lasts for **three weeks**. Most CBAs will be completed in one such period, but in some cases a number of periods will be required. In the case of a subject such as English, the student will be contributing to the portfolio throughout the year.*

*Typically there would be two CBAs in each subject. In view of disruption to schooling over the last three years the Department of Education has reduced the number of CBAs required. In a number of subjects a CBA may have been completed in second year and there may be no need for a CBA in third year.*

Le meas,

Seosamh Mac Toirealagh
Comhordaitheoir na Sraithe Sóisearaí